Plean Forbartha Fórsa Oibre don earnáil Cúram agus Oideachas Luath-Óige in Éirinn

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Cóipcheart © An tAire Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 889 6400
Ríomhphost: info@education.gov.ie
Gréasán: www.education.ie

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith, leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó shealbhóir an chóipchirt.

Ní mór iarratais ar chearta aistriúcháin nó atáirgthe a chur chuig an tAonad um Bainistiú Athruithe, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Baile Átha Cliath 1.

Plean Forbartha Fórsa Oibre don earnáil Cúram agus Oideachas Luath-Óige in Éirinn

Samhain 2010
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Clár

RÉAMHFHOCAL iii

ROINN 1 – RÉAMHRÁ AGUS FÍS 1
- 1.1 Réamhrá 1
- 1.2 Sainmhínithe agus scóip an phlean seo 1
- 1.3 Fís don Fhórsa Oibre COLO 2
- 1.4 Leagan amach an phlean 2

ROINN 2 – DÚSHLÁIN AGUS DEISEANNA 4
- 2.1 Réamhrá 4
- 2.2 Foghlaim ar feadh an tSaoil 4
- 2.3 Próifílí Saothair agus Córas Cáilíochta Náisiúnta/Caighdeáin Dámhachtana 5
- 2.4 Rochtain ar dheiseanna foghlama solúbtha, inacmhainne agus a bheidh creidiúnaithe go náisiúnta 6
- 2.5 Conclúid 14

ROINN 3 – FEIDHMIÚ 15
- 3.1 Réamhrá 15
- 3.2 Infheistíocht ón Stát a stiúradh i mBreisoideachas, in Ardoideachas agus in Oiliúint san earnáil COLO 15
- 3.3 Riachtanas breis-scileanna 15
- 3.4 Conclúid 16

ACRAINMEACHA 17

AGUISÍN A COMHALTAS AR GHRÚPA OIBRE IDIR-RANNACH 18

AGUISÍN B COMHALTAS DEN FHOCHOISTE CAIGHDEÁIN EARNÁLACH 19

AGUISÍN C PROIFÍLÍ SAOTHAIR AGUS LEIBHÉIL DÁMHACHTANA 20

Réamhrá

Barry Andrews, TD
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Céim mhór ar aghaidh is ea foilsiú Phlean Fhorbartha an Fhórsa Oibre d'Earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn i slí na foghlama againn go léir chun a chinntiú go mbíonn eispéiris dhearfacha saibhriúcháin ag páistí óga in Éirinn insna suíomhanna Chúram agus Oideachas Luath-Óige go léir ar a bhfuil siad ag freastal. Táthar tar éis forbairt an fhórsa oibre don oideachas luath-óige a shainaithint mar 'chrann taca lárnach an ardchaighdeáin' taobh le taobh le foilsiú na gcreatlach cleachtais náisiúnta, *Síolta* agus *Aistear* agus le hinfheistíocht mharthanach airgeadais i soláthar na seirbhíse. Ó thosnaíomar an próiseas taighde agus forbartha chun an plean seo a fhoilsiú i 2007, tá athrú mór tagtha ar an staid eacnamaíoch in Éirinn. In ainneoin na staide dúshlánaí fioscaí atá againn, áfach, tá éirithe linn fanúint dílis dár gcuid tiomantas do pháistí óga mar is léir ón Scéim Bliana Saoire Réamhscoile (don Chúram agus Oideachas Luath-Óige) a bheith tugtha isteach go rathúil.

Bailiúchán mór taighde agus comhairliúcháin atá sa Phlean Forbartha Fhórsa Oibre seo thar raon éagsúil páirtithe a bhfuil suim acu i seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin Chúram agus Oideachas Luath-Óige. Tá mórán de na moltaí á bhfeidhmiú cheana féin; féadfaidh cinn eile seal níos faide a thógáil mar gur dúshláin iad do chleachtais traidisiúnta san oideachas agus san oiliúint. Pé rud faoin líne ama don fheidhmiú, áfach, tá samhail shoiléir dár gceann scríbe anois againn agus sinne go léir ar aon fhocal fúithi.

Níl dabht ach go bhfuil na dúshláin ann ach is léir iad na luachshaothair freisin; feabhsóidh fórsa oibre ullmhaithe agus oilte níos fearr insna suíomhanna chúram agus oideachas luath-óige againne caighdeán na n-eispéireas luath-óige do na páistí agus beidh sé ina thionchar dearfach ar shaol na bpáistí agus a gcuid teaghlach.

Barry Andrews, TD
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Réamhrá

Mary Coughlan, TD
An Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna

Le fiche blian anuas, tá infheistithe go suntasach ag Rialtas na hÉireann i bhforbairt na hEarnála Cúram agus Oideachas Luath-Óige. De bharr an infheistithe seo tá éagsúlacht leathan roghanna ann do thuismitheoirí agus páistí sa chúram agus oideachas luath-óige. Dá bharr sin chomh maith tá infrastruchtúr tacaíochta forbartha ann atá ceaptha chun caighdeán na n-eispéireas ag na páistí insna suíomhanna Chúram agus Oideachas Luath-Óige a chur chun cinn agus a fheabhsú. Táthar tar éis forbairt an fhórsa oibre san Earnáil Chúram agus Oideachas Luath-Óige a shainaithint mar eilimint riachtanach chun na haidhme seo. Chun a fháil amach cé na gnóthachtála oideachais a bhí ag an bhfórsa oibre cheana féin agus cé na riachtanais a bhí ag an bhfórsa oibre, tosnaíodh ar chlár leathan taighde agus forbartha agus mar bhuaic air sin tháinig foilsiú Phlean Fhorbartha an Fhórsa Oibre d'Earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.

Taispeánann an Plean dúinn an bealach ar aghaidh chun an fórsa oibre atá ann a uasoiliúint agus chun a chinntiú go bhfuiltear siúd a thagann isteach sa bhfórsa oibre amach anseo ullmhaithe go cuí don ról a bheidh acu. Sainaithníonn sé freisin cosáin gairmréime agus bealaigh chun cinn dóibh siúd a roghnaíonn an réimse seo oibre agus soláthraíonn sé soiléire maidir leis na scileanna, leis an eolas agus leis an méin a theastaíonn chun cleachtadh go héifeachtach i suíomh Chúram agus Oideachas Luath-Óige. Tá dúshláin ann do na hearnálacha oiliúna agus oideachais in Éirinn má tá an fórsa oibre san earnáil seo chun deiseanna solúbtha a thapú ar oiliúint agus oideachas, an cineál deiseanna a aithníonn lucht na hearnála féin mar chineál a oireann do shaol gnóthach an oibrí, ach tá na dúshláin chéanna ann d'earnálacha eile chomh maith.

Fáiltím roimh fhoilsiú Phlean Fhorbartha an Fhórsa Oibre agus beidh mé ag súil le feidhmiú na n-aidhmeanna atá leagtha amach sa phlean seo.

Mary Coughlan, TD
An Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna

Roinn 1 – Réamhrá agus Fís

1.1 Réamhrá

Is ionann an Plean Forbartha Fórsa Oibre seo don earnáil Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLO) in Éirinn agus tabhairt le chéile próiseas suntasach taighde agus comhchomhairle feadh raon leathan geallsealbhóirí san earnáil. Is é an toradh a bhí ar an bpróiseas sin gur aithníodh roinnt peirspictíochtaí comhaontaithe ar an gcineál fórsa oibre a bhfuil gá leis chun tacú le seirbhís COLO ar ardchaighdeán a fhorbairt in Éirinn agus na príomhdhúshláin a bhaineann leis na spriocanna sin a chomhlíonadh (DES, 2009).

Tá cruthú Plean Forbartha Fórsa Oibre mar phríomhghné de thiomantas an Rialtais do chúram agus d'oideachas luath-óige. Is léir ó thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta araon atá déanta go bhfuil scileanna agus cáilíochtaí na ndaoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí óga mar fhachtóir criticiúil i mbreithniú cáilíocht thaithí leanaí óga ar chúram agus ar oideachas luath-óige. Leagadh amach go foirmiúil san Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí 2006-2010 an gá atá ann próifíl scileanna agus cáilíochtaí fórsa oibre an COLO a fhorbairt.

Leis an gcáipéis seo leagtar amach an scóip agus an fhís d'Fhorbairt an Fhórsa Oibre, cuirtear i láthair na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna agus pléitear feidhmiú na straitéise.

1.2 Sainmhínithe agus scóip an phlean seo

Is ionann luath-óige agus an tréimhse ama ó bhreith go dtí go mbíonn leanbh sé bliana d'aois. Is tréimhse uathúil í i saol an duine, ' *...nach mór a chothú, meas a bheith uirthi, tréimhse fíor luachmhar agus nach mór tacaíocht a fháil lena linn...* (*Síolta*[1], Prionsabal 1). Tá seirbhísí Chúram agus Oideachas Luath-Óige atá faoi chúram an phlean seo breithnithe ag an sainmhíniú a leanas atá comhaontaithe san *Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Saineolaithe ar Chúram Leanaí.*

> *"...saoráidí cúraim lae agus seirbhísí do leanaí réamhscoile agus leanaí scoile lasmuigh d'uaire scoile. Áirítear leis seirbhísí a thugann cúram, oideachas agus deiseanna sóisialaithe do leanaí ar mhaithe le leanaí, tuismitheoirí, fostóirí agus an pobal níos leithne. Mar sin, tá seirbhísí mar réamhscoileanna, naíonraí [réamhscoileanna Gaeilge], seirbhísí cúraim lae, crèches, grúpaí súgartha, grúpaí feighlithe linbh agus grúpaí tar éis na scoile san áireamh, ach tá scoileanna (bunscoileanna, scoileanna dara leibhéal agus scoileanna speisialta) agus ionaid chónaitheoirí do leanaí fágtha ar lár" (DJELR, 1999).*

Is ionann fórsa oibre an COLO mar sin, agus gach duine fásta a bhíonn rannpháirteach i seachadadh na seirbhísí sin. Cé go n-aithnítear go n-oibríonn múinteoirí agus foireann i mbunscoileanna le leanaí i raon aoise na luath-óige, níl aon fhaisnéis san phlean seo maidir le forbairt ghairmiúil na múinteoirí ná na foirne sin.

[1] Is ionann *Síolta* agus an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige ar na fhoilsiú ag an Ionad d'Fhorbairt agus d'Oideachas Luath-Óige in 2006.

1.3 Fís don Fhórsa Oibre COLO

Cé gur féidir a rá gur ionann príomhthréith an fhórsa oibre san COLO in Éirinn go bhfuil siad éagsúil ó thaobh fealsúnachtaí, cleachtais agus próifíl cáilíochtaí, comhaontaítear go forleathan maidir leis an bpróifíl cáilíochtaí atá riachtanach don fhórsa oibre, agus is iad sin:

Ba chóir tacú leis an bhfórsa oibre COLO chun cáilíochtaí a bhaint amach (a bheidh oiriúnach dá ról agus próifíl saothair) a thabharfaidh na scileanna, an t-eolas, na hinniúlachtaí, luachanna agus dearcaí riachtanacha dóibh chun na nithe a leanas a chinntiú:

- Taithí chúram agus oideachas luath-óige ar ardchaighdeán, lena mbaineann tairbhe a chinntiú do gach leanbh ó thagann siad ar an saol go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois.
- Oibriú go héifeachtach le tuismitheoirí agus le caomhnóirí araon a thacaíonn leo beirt i dtreo torthaí dearfacha a chinntiú do leanaí.
- A bheith rannpháirteach i gcleachtais oibre ghairmiúla idirdisciplíneacha a bhíonn deartha chun tacú le seachadadh cáilíocht chomhsheasmhach ó thaobh soláthar seirbhís luath-óige do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

Cé go bhfuil an-tábhacht le saincheisteanna mar stádas agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta daoine a bhíonn ag obair san earnáil, tá siad lasmuigh de scóip na cáipéise polasaí seo.

1.4 Leagan amach an phlean

Seo a leanas na príomhréimsí a tháinig chun cinn ó chlár leathan taighde agus comhchomhairle maidir leis an bhfórsa oibre san earnáil COLO :

- An gá atá ann bealaí gairmiúla a bheith leagtha amach go soiléir isteach agus feadh réimsí gairmiúla cleachtais a bhaineann le cúram agus oideachas leanaí. Áirítear orthu tuairisceoirí ar ról saothair agus leibhéil cháilíochta gaolmhara.
- Sraith comhaontaithe caighdeáin náisiúnta maidir le gach dámhachtain i gcúram agus in oideachas luath-óige (ag ionchorprú croí-eolas, scileanna, inniúlachtaí agus taithí oibre) a bhunú, féach gach leibhéal iomchuí den Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn.
- Rochtain ar dheiseanna foghlama solúbtha, inacmhainne a bheidh creidiúnaithe go náisiúnta ag gach leibhéal den cháilíocht don fhorbairt ghairmiúil réamh-sheirbhíse agus inseirbhíse.
- An gá atá le cáilíocht chomhsheasmhach chúrsaí COLO a chinntiú go náisiúnta feadh raon athróga lena n-áirítear ábhar, seachadadh agus socrúchán oibre.

Tugtar aghaidh san Phlean Forbartha Fórsa Oibre ar na saincheisteanna sin agus leagtar amach cuspóirí, gníomhartha agus príomhghníomhaireachtaí atá rannpháirteach ina bhfeidhmiú, iad seo a leanas go sonrach:

- Ba chóir go mbeadh na Próifílí Saothair atá leagtha amach san Chreatsamhail 2002, i gcomhar le *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* agus *Aistear: An Creatchuraclam na Luath-Óige*, mar eolas d'fhorbairt dámhachtainí náisiúnta in COLO ag gach leibhéal den Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC).

- Ba chóir go mbeadh próifílí saothair agus caighdeáin dámhachtainí náisiúnta (CNC Leibhéil 1-6) mar eolas d'fhorbairt clár agus bailíochtú gach clár oideachais agus oiliúna san COLO.
- Ba chóir Próifílí Saothair a athbhreithniú go rialta (ar a laghad gach 5 bliana) chun a chinntiú go mbeidh siad bailí go leanúnach.
- Ba chóir do gach earnáil a sholáthraíonn deiseanna oiliúna breisoideachais agus ardoideachais don earnáil COLO plean cúig bliana a chur in áit d'fhorbairt agus d'fheidhmiú cúrsaí COLO, i gcomhar, nuair is cuí, lena ngníomhaireacht maoinithe, le haird ar leith ar cháilíocht cúrsaí agus ar sheachadadh solúbtha chun freastal ar riachtanais an fhórsa oibre.
- Ba chóir go mbeadh aitheantas ar Réamhfhoghlaim mar ghné lárnach i gcláir oideachais agus oiliúna in COLO.
- Ba chóir go mbeadh cáilíochtaí na foirne a bheidh rannpháirteach i seachadadh Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna arna maoiniú ag an Stát in COLO mar chuid den phróiseas bailíochtaithe clár.
- Ba chóir don Aonad Pholasaí an Luathoideachais feidhmiú an Phlean Forbartha Fórsa Oibre a mhaoirsiú, a mhonatóireacht agus a mheas don earnáil COLO.

Mar aon leis na cuspóirí, na gníomhartha agus na gníomhaireachtaí atá rannpháirteach a leagan amach, léiríonn na ranna a leanas an gníomh dearfach atá glactha ag go leor gníomhaireachtaí, mar thoradh, ar a rannpháirtíocht sa tionscnamh seo agus gur saincheist náisiúnta é forbairt fórsa oibre feadh na n-earnálacha go léir, ní hamháin an earnáil COLO.

Roinn 2 – Dúshláin agus Deiseanna

2.1 Réamhrá

Aithníodh leis an gcéim taighde agus chomhchomhairle den Phlean Forbartha Fórsa Oibre na dúshláin don earnáil COLO má tá an fórsa oibre reatha chun breisoideachas agus oiliúna a chinntiú. Aithníodh freisin na dúshláin a bheidh ann don earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais má tá foghlaim ar feadh an tsaoil le tarlú i ndáiríre. Tá na dúshláin sin, cé go bhfuil siad leagtha amach i gcáipéisí polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, athluaite go hachomhair i roinn 2.2

2.2 Foghlaim ar feadh an tSaoil

I gcomhthéacs chlár oibre foghlama ar feadh an tsaoil, tá an tábhacht atá le seachadadh solúbtha ar chláir oideachais agus oiliúna ag gach leibhéal den Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) luaite go soiléir i raon cáipéisí polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an Coimisiún Eorpach agus a Ballstáit ag obair ar roinnt tionscnamh polasaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna ó 2000 i leith. Leagadh amach na ceithre chuspóir straitéiseach a leanas i gConclúidí Chomhairle na hEorpa ar chreat straitéiseach do chomhoibriú Eorpach ar oideachas agus oiliúint ("ET 2020"), arna ghlacadh i mí na Bealtaine 2009:

- foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a chinntiú.
- cáilíocht agus éifeachtúlacht oideachas agus oiliúint a fheabhsú.
- cothromas, comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn.
- cruthúlacht agus nuálacht a fheabhsú, lena n-áirítear fiontraíocht, ag gach leibhéal d'oideachas agus d'oiliúint.

Cuspóir Straitéiseach 1 ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus Soghluaisteacht a chinntiú mar seo a leanas:

> *Mar gheall ar na dúshláin atá mar thoradh ar athrú déimeagrafach agus nach mór scileanna a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt go rialta chun teacht le himthosca eacnamaíoch agus sóisialta athraitheach ní mór cur chuige feadh saoil maidir le foghlaim agus maidir le córais oideachais agus oiliúna a bheith ann agus ní mór dóibh sin a bheith níos freagarthaí ó thaobh athrú agus níos oscailte don domhain níos leithne....., bealaí foghlama níos solúbtha a bhunú - lena n-áirítear idirthréimhsí níos fearr idir na hearnálacha éagsúla oideachais agus oiliúna, oscailteacht níos fearr i dtreo fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus trédhearcacht níos mó agus aitheantas ar thorthaí foghlama. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí freisin chun foghlaim aosaigh a chur chun cinn, cur le cáilíocht córais treorach, agus foghlaim a bheith níos tarraingtí go ginearálta – lena n-áirítear foirmeacha nua foghlama a fhorbairt agus teicneolaíochtaí nua teagaisc agus foghlama a úsáid.*

In Éirinn, aithníodh go soiléir i dtuarscáil 2008 'Geilleagar Cliste na hÉireann a Chruthú' (Roinn an Taoisigh) go bhfuil na saincheisteanna riachtanach chun a chinntiú go mbeidh fórsa oibre ardsciliúil ann sna hearnálacha tionscail go léir,

> *Ní féidir le hÉirinn duine ar bith a fhágáil ar lár san iarracht seo feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí ár bhfórsa oibre agus ní mór a chinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha sin ag oibrithe chun cur ar a gcumas oibriú i ngeilleagar Cliste. Tosaíonn an iarracht sin le hoideachas réamhscoile, agus tá sin léirithe mar idirghabháil an-éifeachtach lena mbaineann buntáistí sóisialta cinnte agus síneann sin ar fud an chórais oideachais foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. San gheilleagar*

nua-aimseartha, tá fócas ar leith ar iarrachtaí cur le rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí dheiseanna a sholáthar ó thaobh oideachas agus oiliúint, chun éascú le breis-scileanna agus scileanna nua.

Is micreacosma iad na dúshláin atá roimh fhórsa oibre COLO de na dúshláin níos leithne ata roimh fhoghlaimeoirí uile na hÉireann feadh breisoideachas agus ardoideachas agus oilúint faoi láthair agus go fadtéarmach sa todhchaí.

2.3 Próifílí Saothair agus Córas Cáilíochta Náisiúnta/ Caighdeáin Dámhachtana

Tháinig an Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) i bhfeidhm in 2004 agus úsáidtear é chun riachtanais eolais, scileanna agus inniúlachtaí na hearnála a phróifíliú agus chun gníomhartha sonracha leibhéil atá riachtanach ó gheallsealbhóirí sa chóras cáilíochtaí a aithint. Bíonn idirchaidreamh idir an CNC agus próifílí saothair fhórsa oibre an COLO ar shlí go n-éilíonn forbairtí agus/nó athruithe ar cheachtar den dá cheann acu monatóireacht chúramach ón Aonad Pholasaí an Luathoideachais.

2.3.1 Próifílí Saothair

Leagadh síos róil saothair agus freagrachtaí sonracha ar dtús in 2002 mar chuid d'fhorbairt an Chreatsamhail don Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil (An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, 2002). Bhí na próifílí sin ann roimh an Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC) ach tá siad bailíochtaithe ó shin in aghaidh an CNC agus in aghaidh chreata oibre cleachtais *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* (CECDE 2006; DES, 2010) agus *Aistear: An Creatchuraclam na Luath-Óige*.(NCCA, 2009) (Féach Aguisín C). Tá comhaontú ann i measc cleachtóirí agus soláthóirí oideachais agus oiliúna araon gur chóir go mbeadh na próifílí róil saothair 2002, a bhí á dtacú ag *Síolta* agus ag *Aistear* tráth, mar bhunús d'fhorbairt caighdeáin dámhachtana ag gach leibhéal den CNC.

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
A chinntiú go leanfaidh tionchar a bheith ag na Próifílí Saothair atá comhaontaithe san earnáil COLO agus na creata cleachtais[2] iomchuí ar chaighdeáin dámhachtana agus ar fhorbairt agus ar athbhreithniú cláir bhreisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna.	Ranna Rialtais iomchuí (comhordaithe ag Aonad Pholasaí an Luathoideachais), Comhlachtaí Dámhachtana,[3] Soláthróirí Oideachais agus Oiliúna.
Na próifílí saothair a athbhreithniú go rialta (gach cúig bliana) chun a chinntiú go mbeidh feidhm leo don earnáil go leanúnach agus go mbeidh siad á n-ailíniú go leanúnach leis an CNC.	Aonad Pholasaí an Luathoideachais.

[2] Rialacháin Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006, *Síolta an Creat Oibre Cáilíochta Náisiúnta don Oideachas Luath-Óige* agus *Aistear: An Creatchuraclam na Luath-Óige.*

[3] Is ionann na Comhlachtaí Dámhachtana agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC), Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), na hollscoileanna agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Cónascfar an NQAI, HETAC agus FETAC ina ngníomhaireacht aonair cáilíochtaí agus dearbhaithe cáilíochta.

2.3.2 Caighdeáin Dámhachtana Náisiúnta

Soláthróidh forbairt Caighdeáin Dámhachtana COLO ag gach leibhéal den CNC tagarmharcanna comónta do gheallsealbhóirí d'fhorbairt agus do sheachadadh cláir oideachais agus oiliúna agus tabharfaidh siad deis do chleachtóirí agus d'fhostóirí bealaí gairme agus bealaí dul chun cinn a aithint.

Dul chun cinn go dtí seo

I mí Dheireadh Fómhair 2009, thar ceann FETAC, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, bhunaigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) grúpa oibre ar Chaighdeáin Dámhachtana do chúrsaí COLO ag Leibhéil 1 go dtí 6 ar an CNC. I mí an Mheithimh 2010, seo mar a thuairisc FETAC, *Tá Teastas Leibhéal 5 maidir le Cúram agus Oideachas Luath-Óige comhaontaithe leis an gComhairle, tá dréacht Leibhéal 4 molta lena chomhaontú agus tá sé beartaithe go bhfoilseofar Ard-Teastas ag Leibhéal 6 lena chomhaontú faoi mhí Mheán Fómhair 2010 agus go mbeidh sin comhaontaithe ag an gComhairle faoi dheireadh 2010. Is forbairt shuntasach a bheadh ann laistigh den earnáil dá n-éireodh linn na dámhachtainí sin a scaoileadh in 2011 mar atá beartaithe.*

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
Caighdeán dámhachtana Leibhéal 6 a thabhairt chun críche.	FETAC.
Cláir oideachais agus oiliúna reatha a athbhreithniú in aghaidh na gcaighdeáin dámhachtana sin ag Leibhéil 4, 5 agus 6.	FETAC, soláthróirí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear soláthróirí príobháideacha, Coistí Gairmoideachais agus FÁS.
Soláthróirí oideachais agus oiliúna ag forbairt cláir nua in aghaidh na gcaighdeáin dámhachtana sin (lena n-áirítear bailíochtú cláir ó FETAC).	FETAC, soláthróirí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear soláthróirí príobháideacha, Coistí Gairmoideachais agus FÁS.
A chinntiú go mbeidh na forbairtí i ndáil le próifílí saothair don earnáil COLO san áireamh i mbailíochtú cláir agus próisis athbhreithnithe ag leibhéal ardoideachais 6 – 10.	Comhlachtaí dámhachtana, soláthróirí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta (IoTs), soláthróirí príobháideacha.

2.4 Rochtain ar dheiseanna foghlama solúbtha, inacmhainne agus a bheidh creidiúnaithe go náisiúnta

Léirigh torthaí chomhchomhairle náisiúnta ar an bPlean Forbartha Fórsa Oibre go soiléir (97% freagraí dearfacha) go mbeadh saincheisteanna a bhaineann le rochtain agus rannpháirtíocht éifeachtach i gcláir oideachais agus oiliúna ríthábhachtach i ngnóthachtáil cuspóirí forbartha fórsa oibre.

Aithníodh roinnt dúshlán sonrach atá léirithe i bhFíor 1:

Figiúr 1: Ceisteanna maidir le rochtain agus rannpháirteachas



Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir na dúshláin sin freisin de réir roinnt de na 'grúpaí cliant' ar leith. Is iad seo a leanas na grúpaí sin:

1. Iontrálaithe nua san fhórsa oibre ar mhian leo na cáilíochtí cuí a bhaint amach do róil agus d'fhreagrachtaí saothair shonracha.
2. Cleachtóirí neamhcháilithe san fhórsa oibre reatha atá ag iarraidh dámhachtain Leibhéal 5 a bhaint amach.
3. Cleachtóirí cáilithe (Leibhéal 4 nó 5) ar mhian leo dul ar aghaidh go dtí leibhéil níos airde.

Tugtar aghaidh ar gach dúshlán sna ranna a leanas agus nuair is gá, léirítear na gníomhartha a mholtar ar leithligh de réir na ngrúpaí cliant éagsúla.

2.4.1 Seachadadh Solúbtha

Seo a leanas roinnt de na moltaí maithe maidir le seachadadh solúbtha ar chláir oideachais agus oiliúna a tháinig chun cinn ón bpróiseas comhchomhairle:

- Deiseanna páirtaimseartha mar chúrsaí iarnóna, tráthnóna agus deireadh seachtaine.
- Cúrsaí measctha a ionchorpraíonn gnéithe ar líne agus gnéithe a bhíonn bunaithe sa seomra ranga.
- Córais printíseachta a chomhnascann oiliúint ar an jab agus oiliúint a bhíonn bunaithe sa seomra ranga.
- Cúrsaí modúlach le córas creidiúna.
- Cúrsaí blocscaoilte Samhraidh/Cásca.

Léiríonn na moltaí sin léargais éagsúla na 3 ghrúpa cliant a aithnítear. Tá cion mór dóibh sin ar mhian leo rollú ar chláir oideachais agus oiliúna san áit oibre cheana féin,

agus mar sin, ní bhíonn siad ábalta freastal ar chúrsaí lán-aimseartha. Níl cáilíochtaí bunleibhéil fiú ag thart ar 40% den fhórsa oibre COLO reatha atá riachtanach chun a bheith rannpháirteach sa Scéim um Chúram agus Oideachas LuathÓige a cuireadh tús léi i mí Eanáir 2010, (i.e. Mórdhámhachtain i gCúram Leanaí/COLO ag Leibhéal 5 ar an CNC nó comhionann). Maidir le daoine a bhíonn ag staidéar roimh dul isteach san fhórsa oibre, cuirtear na cúrsaí a bhíonn ar fáil sna hearnálacha Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna, den chuid is mó, ar fáil ar bhonn lán-aimseartha agus sin amháin agus is iad na cúrsaí lán-aimseartha sin amháin a fhaigheann fóirdheontais faoi láthair.

2.4.2 Freastal ar riachtanais na ndaoine san áit oibre

Is iad na dúshláin agus na deiseanna don earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna ná hoiliúint a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine san áit oibre. Na nithe a leanas go sonrach:

1. Raon roghanna seachadta a sholáthar lena n-áirítear seachadadh ar líne agus foghlaim chumaisc. Tá deiseanna cianfhoghlama an-teoranta san réimse COLO. Tá poitéinseal suntasach d'fhás sa réimse seo, go háirithe ag leibhéil ard-dámhachtana (e.g., samhail Baitsiléir Ealaíon Oscail).
2. Tuilleadh modúil a fheidhmiú maidir le cláir Bhreisoideachais agus Ardoideachais agus oiliúna
3. For-rochtain ó institiúidí tríú leibhéal – deir go leor foghlaimeoirí ionchais san fhórsa oibre COLO go raibh bac tíreolaíoch orthu a bheith rannpháirteach i gcláir ardleibhéal. Áirítear ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith air sin comhoibriú idir soláthróirí oideachais agus oiliúna a fhaigheann urraíocht ón Stát i gceantair áitiúla chun cláir a sheachadadh ar bhonn for-rochtana (e.g., Institiúidí Teicneolaíochta agus Coistí Gairmoideachais).

2.4.3 Dul chun cinn go dtí seo

Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le freagrúlacht na n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna ar an ngá atá le soláthar níos solúbtha. Mar shampla,

- **Earnáil na gCoistí Gairmoideachais** – Is í an earnáil seo an soláthróir is mó de chúrsaí oiliúna lán-aimseartha san COLO ag Leibhéil CNC 5 agus 6. Ina n-aighneacht chuig an gcéim chomhchomhairle den Phlean Forbartha Fórsa Oibre, léirigh An Cumann Gairmoideachais in Éirinn (IVEA) tiomantas a cuireadh an-fháilte roimhe chun iniúchadh a dhéanamh ar chleachtais nuálacha a bheadh in ann freastal ar an dúshlán cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar shlí a bheidh solúbtha do na grúpaí cliant go léir san earnáil COLO. (*Féach* www.omcya.ie) Tá raon leathan cúrsaí páirtaimseartha á soláthar cheana féin trí earnáil na gCoistí Gairmoideachais a bhíonn féin-mhaoinithe den chuid is mó. Tá eolas ar infhaighteacht agus ar chostas na gcúrsaí páirtaimseartha sin á gcur le chéile faoi láthair.
- **FÁS** – Tá traidisiún fada i FÁS foghlaim san áit oibre agus sa seomra ranga a chomhnascadh trína samhail Oiliúna agus na cláir Céim Amháin Suas. Tá FÁS ábalta freagairt go tapa freisin d'éilimh áitiúla cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh. Meastar gurb é an toradh a bheidh ar aistriú na freagrachta as polasaí scileanna agus oiliúna agus as FÁS ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálachta go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh sineirgí níos mó ann ó thaobh soláthar cúrsaí san earnáil Breisoideachais.

- **Skillnets** – Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálachta a dhéanann maoiniú ar Skillnets ó na hacmhainní san Chiste Oiliúna Náisiúnta agus cuirtear oiliúint le cúnamh deontais ar fáil. Déanann gach líonra cláir oiliúna, breis scileanna agus cláir forbartha gairmiúla a chur ar fáil do na comhaltaí a bhíonn faoi stiúir fiontair agus iad deartha do riachtanais tionscail shonracha. Suas go dtí 2009 bhí dhá Skillnet laistigh den earnáil COLO nach mbíodh ach seirbhísí réamhscoile príobháideacha ábalta leas a bhaint astu; an Líonra Forbartha Gnó Cúram Leanaí agus an NCNA Childcare Skillnet. Ní bhfuarthas aon iarratas áfach ón earnáil COLO do Skillnets i mbabhta 2010 de na hiarratais.
- **Ardoideachas** – Riamh anall ba mhinic nach raibh Cláir Ardoideachais agus Oiliúna chomh solúbtha ó thaobh seachadta. Mar sin féin, tá sin ag athrú anois, go háirithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochtaí agus cuireann na hInstitiúidí i mBaile Bhlainséir, Ceatharlach, Trá Lí, Sligeach agus Leitir Ceanainn agus bíonn siad ag tairiscint cláir éagsúla Leibhéal 6, 7 agus 8 anois sna réimsí iomchuí COLO ar bhonn páirtaimseartha. Chuir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh tús le BA páirtaimseartha freisin i Staidéir agus i gCleachtais Luath-Óige (Leibhéal 8) agus dámhachtainí amach ann tar éis bliain 1 agus bliain 2. Ba chóir a thabhairt ar aird, áfach, go raibh na cláir pháirtaimseartha sin faoi réir ag táillí agus go ginearálta nach bhfuarthas aon fóirdheontas ón Stát.
- **Soláthar Príobháideach agus Pobail agus Deonach** – riamh anall, san earnáil COLO in Éirinn, d'fhreastail roinnt soláthróirí pobail agus deonach agus príobháideach de cláir oideachais agus oiliúna ar riachtanais oideachais na ndaoine sin a bhíonn ag obair sna seirbhísí COLO. Leanann an traidisiún sin agus i roinnt cásanna (e.g., trí Eagraíochtaí Náisiúnta Cúraim Leanaí Deonacha) faightear fóirdheontais trí mhaoiniú ón Stát.

Gníomhartha	Geallsealbhóirí
Na soláthróirí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna chun pleananna 5 bliana a fheidhmiú chun freagairt do shaincheisteanna mar fhoghlaim solúbtha, seachadadh modúlach agus dearbhú cáilíochta ar chúrsaí.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna san Bhreisoideachas agus san Ardoideachas lena n-áirítear Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta, FÁS, earnáil na gCoistí Gairmoideachais, comhlachtaí dámhachtana, HEA, gníomhaireachtaí maoinithe sna ranna rialtais iomchuí.
Monatóireacht ar Fheidhmiú na bpleananna 5 bliana.	Aonad Pholasaí an Luathoideachais.

2.4.4 Cúrsaí a Mhaoiniú

Tar éis dóibh cúrsa oiriúnach a fháil, áiríodh ar an gcéad chonstaic mór eile a d'aithin foghlaimeoirí ná maoiniú ar chostas an chláir mar nach bhfaigheann cúrsaí páirtaimseartha breisoideachais, ardoideachais ná oiliúna in Éirinn, de ghnáth na tacaíochtaí airgeadais chéanna a fhaigheann cúrsaí lán-aimseartha. Bíonn obair i seirbhísí COLO in Éirinn den chuid is mó ar phá íseal agus bíonn an costas a bheith rannpháirteach in oideachas lán-aimseartha nó páirtaimseartha mar chonstaic do go leor daoine.

Is í an Stát den chuid is mó a dhéanann maoiniú ar dheiseanna oiliúna obair-bhunaithe mar Chlár Oiliúna FÁS, Seirbhísí do Ghnó (e.g., Céim Amháin Suas) agus Skillnets. Caitheadh €4.45m ar an gClár Oiliúna amháin san bhliain 2008.

Níl aon chiste maoinithe ar fáil chun cuidiú leis an bhfórsa oibre COLO a bheith rannpháirteach in oideachas agus in oiliúint agus san aeráid eacnamaíoch reatha, chaithfí acmhainní a aistriú ó thosaíochtaí eile chun go bhféadfaí ciste maoinithe mar sin a chruthú.

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
Iarrfar ar ghníomhaireachtaí atá freagrach as cláir oideachais agus oilúna a mhaoiniú san COLO cláir a aithint agus tosaíocht a thabhairt do chláir a ionchorpraíonn modhanna solúbtha seachadta a bheidh deartha chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí san áit oibre.	Ranna rialtais iomchuí, Aonad Pholasaí an Luathoideachais.
Beidh ar gach gníomhaireacht maoinithe tuairisciú chuig Aonad Pholasaí an Luathoideachais chuige sin.	Ranna rialtais iomchuí, Aonad Pholasaí an Luathoideachais.
Tuarascáil bhliantúil a tháirgeadh ar phatrúin soláthair agus scóip chun acmhainní a spriocdhíriú a thugann tacaíocht do sheachadadh solúbtha.	Ranna rialtais iomchuí, Aonad Pholasaí an Luathoideachais.

2.4.5 Aitheantas ar Réamhfhoghlaim (RPL)

In 2005, d'fhoilsigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann *National Principles and Operational Guidelines for the Recognition of Prior Learning*. Tugtar aghaidh sa cháipéis sin ar shaincheisteanna maidir le cáilíocht, measúnú, cáipéisíocht, cumarsáid agus treoir a bhaineann le feidhmiú RPL feadh na Soláthróirí Oideachais agus Oiliúna go léir agus na Comhlachtaí Dámhachtana.

Tá an sainmhíniú a leanas tugtha ar Aitheantas ar Fhoghaim Roimhe Seo,

> *téarma cineálach a dhéanann cur síos ar chóras chun creidiúint a aithint, a dhámhadh nó a aistriú chuig foghlaimeoirí ar bhonn na foghlama a bhíonn déanta acu sula dtéann siad isteach chuig clár ar leith. Chun go ndéanfar foghlaim a aithint beidh ar an iarratasóir fianaise a thabhairt go bhfuil an fhoghlaim déanta.*

Bíonn dúshláin ollmhóra mar thoradh ar RPL go ginearálta do sholáthróirí Oideachais agus Oiliúna agus tá cur síos maith déanta orthu san fhoilseachán le déanaí ón ngrúpa oibre Oideachas i bhFostaíocht '*Recognition of Prior Learning – a focus on practice*' (Institiúid Teicneolaíocht Chorcaí [CIT], 2009)

> *Léiríonn na torthaí ón taighde seo go bhfuil aitheantas ar réamhfhoghlaim ag tabhairt dúshlán cheana féin do struchtúir reatha institiúidí acadúla tríú leibhéal, agus é riachtanach iontu a bheith solúbtha ó thaobh modh seachadta agus creidiúnú do thaithí réamhfhoghlama. Cuirtear béim leis na torthaí ar an tábhacht atá le comhoibriú idir-institiúide agus léirítear an gá atá le heolas agus saineolas a roinnt chun aitheantas ar réamhfhoghlaim a chur chun cinn tuilleadh go náisiúnta ...Ní mór go n-athrófaí dearcaí agus cultúir chun dul i ngleic le bacainní agus miotais dhiúltacha a bhaineann le réamhfhoghlaim a aithint chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar riachtanais fhoghlaimeoirí san aonú haois is fiche. (CIT, 2009: Achoimre Fheidhmitheach)*

As fórsa oibre an COLO , is iad na grúpaí cliant atá i mbun fostaíochta cheana féin a thugann dúshláin ar leith do na córais RPL. Is é an toradh a bhí le heaspa rialála ar cháilíochtaí cleachtais sa réimse sin ná éagsúlacht leathan cláir agus soláthróirí oideachais agus oiliúna.. Rinneadh roinnt de na cláir sin a chreidiúnú go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta ach dámhadh go leor eile ó sholáthróirí oideachais agus oiliúna gan aon bhailíochtú ná creidiúnú seachtrach.

Ní rogha 'níos éasca' é RPL ar ghnóthachtáil dámhachtana agus go minic éilítear iarracht ollmhór thar ceann an fhoghlaimeora agus na hinsititiúide oideachais araon. Go ginearálta baintear leas as RPL mar seo a leanas:

- rochtain a dhéanamh ar chlar oideachais agus oiliúna ar leith (i.e., caithfear a chinntiú go bhfuil na riachtanais iontrála comhlíonta).
- gheofar díolúint ó ghnéithe de chlár oideachais agus oiliúna ar leith (e.g., modúil shonracha nó iontráil níos airde isteach go dtí bliain a dó).
- gheofar amach má chomhlíon an foghlaimeoir na riachtanais chun dámhachtain iomlán a ghnóthachtáil.

Cé go mbíonn deacrachtaí i gceist, caithfidh feidhm a bheith le próisis RPL ó thaobh feidhmiú plean forbartha fórsa oibre más amhlaidh go mbeidh aitheantas le tabhairt ar éagsúlacht foghlama a fhaightear trí raon deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus go gcoimeádfar iad san fhórsa oibre COLO.

Tionchar RPL

Tá sé tábhachtach a bhreithniú mar a bheidh tionchar ag na gnéithe éagsúla de RPL ar na trí ghrúpaí cliant atá aitheanta sa phlean seo.

Maidir le hiontrálaithe nua chuig an bhfórsa oibre, ní bhaineann RPL leo den chuid is mó, de ghnáth, téann siad i mbun cúrsa foghlama lán-aimseartha sula dtéann siad i mbun fostaíochta san earnáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tábhacht le RPL chun freastal ar riachtanais iontrála ar an gcúrsa tosaigh.

Tá ról tábhachtach ag RPL don dara grúpa – cleachtóirí neamhcháilithe san fhórsa oibre reatha a dteastaíonn uathu dámhachtain Leibhéal 5 a bhaint amach. Tá níos mó dóigh ann go mbeadh RPL cuiditheach chun díolúint a fháil ó ghnéithe de chlár oideachais agus oiliúna ar leith seachas maidir le rochtain ar dhámhachtain iomlán, cé go bhféadfadh sé tarlú i roinnt imthosca go mbeadh rochtain ar dhámhachtain iomlán indéanta.

Tá ról tábhachtach ag RPL don tríú grúpa freisin – cleachtóirí cáilithe (Leibhéal 4 nó 5) ar mhian leo dul ar aghaidh chuig leibhéil níos airde. Ar aon dul leis an dara grúpa, tá seans ann go mbeadh RPL an-chuiditheach chun díolúint a fháil ó ghnéithe de chlár oideachais agus oiliúna ar leith seachas maidir le rochtain ar dhámhachtain iomlán.

Ba chóir go mbeadh aird ag soláthróirí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna ar riachtanais RPL na dtrí ghrúpa cliant, go háirithe i ndáil leis an dara grúpa agus an tríú grúpa. Ba chóir do chláir do chleachtóirí neamhcháilithe san fhórsa oibre reatha ar mhian leo dámhachtain Leibhéal 5 a bhaint amach nó do chleachtóirí cáilithe ar mhian leo dul ar aghaidh chuid leibhéil níos airde féachaint ar RPL chun díolúint a fháil ó ghnéithe de chlár oideachais agus oiliúna ar leith.

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
RPL a chur i bhfeidhm i leagan amach cláir agus leas a bhaint as RPL ar mhaithe le hiontráil agus díolúintí. Cláir RPL a fhorbairt chun freastal ar riachtanais fhoghlaimeoirí san earnáil COLO.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachas agus Ardoideachas), Comhlachtaí Dámhachtana.
Gníomhaireachtaí a mhaoiniú chun éascú le RPL a neadú i ngach cúrsa a sholáthrófar.	Ranna rialtais iomchuí agus gníomhaireachtaí maoinithe.
Eolas agus treoir maidir le RPL ar chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachas agus Ardoideachas), Comhlachtaí Dámhachtana.

2.4.6 Cáilíocht agus Ábharthacht na gCúrsaí

Áirítear easpa comhsheasmhachta ó sholáthróirí oiliúna ar na príomhdhúshláin a aithníodh go háirithe i ndáil leis an líon uaire a bhíonn riachtanach chun deimhniúchán a chinntiú agus éagsúlacht scileanna agus cáilíochtaí an dream a bhíonn ag seachadadh na gcúrsaí sin. Tá feidhm leis na saincheisteanna sin beag beann ar na 3 ghrúpaí cliant a aithnítear.

Scileanna agus cáilíochtaí na foirne a sheachadann cláir in COLO

Baineann an tsaincheist seo den chuid is mó leis an Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna toisc go mbíonn cáilíochtaí agus saineolas na bhfoirne a sheachadann cláir as a leanann dámhachtainí in institiúidí Ardoideachais mar ghné riachtanach den bhailíochtú cláir. Mar sin féin, laistigh den earnáil Breisoideachais agus Oiliúna, níl aon pholasaithe ná nósanna imeachta in áit a chinnteodh go mbeadh na cáilíochtaí ná an saineolas riachtanach acu siúd a bheadh ag seachadadh cláir in COLO chun sin a dhéanamh. Mar gheall ar nádúr speisialaithe an eolais agus na scileanna atá riachtanach chun cleachtadh go héifeachtach i seirbhísí COLO , tá sé réasúnach a bheith ag súil go gcinnteodh soláthróirí Breisoideachais agus Oiliúna go mbeadh na foirne sin a bheadh ag seachadadh codanna iomchuí de na cláir COLO cáilíthe in COLO , go mbeadh taithí earnálach cuí acu agus go mbeadh eolas agus scileanna cothrom le dáta acu maidir leis na forbairtí is déanaí ó thaobh taighde, polasaí agus cleachtas in COLO.

Dearbhú Cáilíochta ar chúrsaí

Mar Chomhlacht Dámhachtana, is ionann ról FETAC agus a chinntiú go mbeadh na torthaí foghlamtha céanna ag mic léinn ó chúrsaí ag Leibhéil 1-6 ar an CNC, as a leanann an cháilíocht chéanna. Nuair is féidir na torthaí foghlamtha a dhearbhú, ceadaíonn sin seachadadh solúbtha ar chúrsaí trí sholáthróirí cúrsa.

Tá polasaí agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta cuimsitheacha bunaithe ag FETAC lena chinntiú go mbeidh na soláthróirí oiliúna go léir a sheachadann dámhachtana creidiúnaithe ag cloí le raon critéir.

Áirítear leis an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta sin fíordheimhniú seachtrach trína gceapann an soláthróir fíordheimhnitheoir seachtach do gach mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra agus dámhachtain forlíontach. Ní mór don fhíordheimhnitheoir seachtrach a bheith neamhspleách ar an ionad a bheidh sé sannaithe chuige. Déanfaidh an fíordheimhnitheoir seachtrach na torthaí measúnaithe a mheas maidir le dámhachtain nó feadh roinnt dámhachtana laistigh de réimse nó fo-réimse gaolmhar ó thaobh mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra, forlíontach foghlama. Is ionann toradh an phróisis fíordheimhniúcháin seachtrach agus tuarascáil fíordheimhniúcháin seachtrach ina mbíonn tuairimí ar éifeachtacht fheidhmiú an phróisis measúnaithe agus nósanna imeachta agus ar an méid a thagann na marcanna/gráid le caighdeáin náisiúnta.

Tá dhá chóras Dearbhaithe Cáilíochta i bhfeidhm i gcónaí áfach agus ceapann FETAC scrúdaitheoirí seachtracha chuig earnáil an Choiste Gairmoideachais[4].

[4] Níl nósanna imeachta dearbhuithe cáilíochta FETAC lánpháirtithe go hiomlán san earnáil VEC mar gheall ar dhíospóid tionsclaíochta le hAontas Múinteoirí Éireann.

Laistigh den Earnáil Ardoideachais agus Oiliúna, bíonn gach clár in COLO as a leanann dámhachtana, faoi réir ag bailíochtú dian agus próisis athbhreithnithe (ag HETAC nó ag an institiúid Ardoideachais a bhíonn i gceist) agus áirítear leis ullmhú cáipéis aighneachta mionsonraithe a bhíonn faoi réir scrúdaithe ansin ó phainéal bailíochtaithe saineolaithe.

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
Ba chóir gur daoine a bhíonn cáilithe mar is cuí maidir le cúram agus oideachas luath-óige a dhéanann cláir oideachais agus oiliúna in COLO a sheachadadh, nuair is cuí.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachas agus Ardoideachas), comhlachtaí dámhachtana.
Beidh ar bhailíochtú cláir mionsonraí sonracha ar cháilíochtaí na foirne a sheachadann an cúrsa a éileamh.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachas agus Ardoideachas), Comhlachtaí Dámhachtana.
Ba chóir go ndéanfaí monatóireacht ar eolas a bhaineann le próifíl cáilíochta na foirne a sheachadann cláir oideachais agus oiliúna COLO agus sin a fhoilsiú.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachs agus Ardoideachas), Comhlachtaí Dámhachtana, Aonad Pholasaí an Luathoideachais.
Sonraí comhiomlána ar an bpróiseas Dearbhuithe Cáilíochta maidir le gach clár san earnáil COLO a fhoilsiú.	Comhlachtaí Dámhachtana.

2.4.7 Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí agus tacaíochtaí eile

Bhain saincheisteanna a aithníodh mar dhúshláin don phlean forbartha fórsa oibre faoin gceannteideal seo den chuid is mó le mar a aithníodh go raibh go leor de na daoine a bhí rannpháirteach i gcúrsaí san COLO , go háirithe ag na leibhéil níos ísle ar an CNC, a raibh cúlra lag de ghnóthachtáil acadúil acu. Aithníodh tacaíochtaí litearthachta agus teanga mar nithe a raibh tábhacht leo mar aon le meantóireacht agus treoir. Aithníodh roimhe seo i bhfoilseachán Creatsamhail ó 2002 gur léir go mbíonn leibhéal íseal de ghnóthachtáil oideachais ag daoine a bhíonn ag obair i seirbhísí COLO agus go bhféadfadh go mbeadh dúshláin shonracha le sárú acu chun tabhairt faoi chúrsaí acadúla. Mar sin féin, léiríonn breis scileanna substaintiúil a fuair fórsa oibre laistigh den COLO le blianta beaga anuas go bhfuil na soláthróirí oideachais agus oiliúna tar éis aird a thabhairt ar na nithe sin. Ciallaíonn na próisis dearbhuithe cáilíochta a éilítear ó FETAC agus laistigh den réimse ardoideachas freisin go mbíonn ar sholáthróirí oideachais agus oiliúna polasaithe agus nósanna imeachta a chur in áit chun raon tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach go gcinntítear tiomantais mar sin i gcleachtais laethúla feadh na soláthróirí oideachais agus oiliúna go léir go háirithe do na daoine sin a raibh taithí diúltach acu sa chóras oideachais roimhe seo.

Gníomhartha	Geallsealbhóir (Geallsealbhóirí)
Polasaithe agus nósanna imeachta bunaithe maidir le tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí feadh na soláthróirí oideachais agus oilúna go léir a fheidhmiú.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna.
Eolas a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir leis na tacaíochtaí go léir atá ar fáil dóibh.	Soláthróirí oideachais agus oiliúna (Breisoideachas agus Ardoideachas), Comhlachtaí Dámhachtana.
Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na nithe thuas.	Comhlachtaí Dámhachtana, Ranna Rialtais Iomchuí.

2.4.8 Bealaí dul chun cinn soiléire

Mar chuid de contanaim foghlama ar feadh an tsaoil, ní mór go mbeadh deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí dul ar aghaidh ó leibhéal amháin cáilíochta go dtí leibhéal eile, go háirithe ó chláir Breisoideachais agus Oiliúna go dtí cláir Ardoideachais agus Oilúna.

Tá deiseanna mar sin forbartha ag FETAC, na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus an earnáil Ollscoile. Mar sin féin, léirigh an taighde cúlra a rinneadh ar an gcáipéis seo gur líon an-teoranta foghlaimeoirí a bhaineann leas as na bealaí sin, go háirithe iontrálaithe aibí. B'fhéidir gurb é an chúis atá leis sin go gcuirtear cláir oideachais agus oiliúna ag leibhéil níos airde ar fáil den chuid is mó ar bhonn lánaimseartha agus ní bhíonn siad oiriúnach d'fhoghlaimeoirí ar mhian leo a bheith ag obair agus ag staidéar ag an am céanna. B'fhéidir gur amhlaidh freisin go bhfuil líon foghlaimeoirí ann nach bhfuil cáilíochtaí creidiúnaithe náisiúnta acu a thabharfadh an deis dóibh rochtain a dhéanamh ar dheiseanna den sórt sin. Theastódh ó na foghlaimeoirí sin, rochtain a dhéanamh ar chláir RPL chun dul ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig oideachas níos airde.

Gníomh	Geallsealbhóir
Ní mór do Sholáthróirí Ardoideachais agus Oiliúna raon clár a chur ar fáil ag Leibhéal 7 agus os a chionn sin ar an CNC, a dhéanfar a sheachadadh chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí sin ar mhian leo a bheith ag obair agus ag staidéar ag an am céanna. Mar a aithníodh roimhe seo, ba chóir do na cláir sin próis RPL a chur san áireamh chun díolúint a fháil ó ghnéithe de chlár den sórt sin.	Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta, Coláistí príobháideacha, HEA, Comhlachtaí Dámhachtana.

2.5 Conclúid

Sa roinn seo, tá mionsonraí tugtha ar na príomhdhúshláin a chaithfidh an Plean Forbartha Fórsa Oibre aghaidh a thabhairt orthu don earnáil COLO. Is údar dearfach a thabhairt ar aird ó cuireadh tús leis an bpróiseas taighde agus forbartha i dtreo fhoilsiú an Phlean, go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar sin féin, beidh gá le haird agus le maoirseacht leanúnach chun an dul chun cinn sin a chinntiú. Léirítear i roinn a trí den tuarascáil seo mar is féidir é sin a chinntiú.

Roinn 3 – Feidhmiú

3.1 Réamhrá

I roinn a dó, aithníodh na príomhdhúshláin don Phlean Forbartha Fórsa Oibre i gcomhar leis na gníomhartha a bheidh de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Chun a chinntiú go ndéanfar an raon casta de chuspóirí mar sin a sheachadadh go héifeachtach caithfear infheistíocht ón Stát i mBreisoideachas agus in Ardoideachas agus in Oiliúint san earnáil COLO lena n-áirítear oiliúint obairbhunithe a stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh air.

3.2 Infheistíocht ón Stát a stiúradh i mBreisoideachas, in Ardoideachas agus in Oiliúint san earnáil COLO

Tá iliomad geallsealbhóirí san earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oilúna, lena n-áirítear na Coistí Gairmoideachais, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, FÁS agus na Comhlachtaí Dámhachtana. Léirigh an taighde go dtí seo na riachtanais oideachais agus oiliúna don earnáil COLO agus aithníodh mar a d'fhéadfadh an earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna freagairt do na riachtanais sin. Chun an freagra sin a thomhas, comhlíonfaidh an tAonad Pholasaí an Luathoideachais na feidhmeanna a leanas:

- Eolas poiblí a bhaineann leis an bplean feidhmiúcháin a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh.
- Sonraí iomchuí a bhailiú ó na gníomhaireachtaí go léir atá rannpháirteach sa phlean feidhmiúcháin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aghaidh tagarmharcanna a bheidh comhaontaithe leis na soláthróirí Breisoideachais agus Ardoideachais. Áireofar leis na tagarmharcanna sin spriocanna maidir le hinfhaighteacht RPL laistigh de na hEarnálacha Breisoideachais agus Ardoideachais nó infhaighteacht soláthar cúrsaí páirtaimseartha nó seachadadh solúbtha ar chúrsaí.
- Déanfar monatóireacht ar fheidhmiú an Phlean Forbartha Fórsa Oibre don earnáil COLO agus foilseofar tuarascálacha maidir le dul chun cinn faoi dhó sa bhliain.

Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go mbeadh gá le tréimhse cúig bliana ar a laghad chun an tionscnamh seo a fheidhmiú go hiomlán.

3.3 Riachtanas breis-scileanna

I rith na tréimhse ama sin, moltar freisin gur chóir do na comhlachtaí cuí tionscnaimh a fhorbairt agus a fheidhmiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le breis-scileanna a thabhairt don fhórsa oibre reatha san earnáil COLO. Áirítear na nithe a leanas ar na dúshláin sin:

- Aitheantas ar Réamhfhoghlaim.
- Dámhachtainí oidhreachta a mheas agus a aithint.

Éascóidh an obair sin le tionscnaimh polasaí mar an Scéim COLO (Scéim um Chúram agus Oideachas LuathÓige) a tugadh isteach le déanaí agus a ndéantar maoiniú caipitíochta a idirdhealú bunaithe ar phróifíl cáilíochta na foirne sna seirbhísí COLO.

3.4 Conclúid

Is é an príomhchuspóir atá leis an bPlean Forbartha Fórsa oibre seo ná a chinntiú go mbeidh gach duine den fhoireann a bheidh rannpháirteach ó thaobh soláthar seirbhísí cúram agus oideachas luath-óige do leanaí óga agus dá dteaghlaigh cáilithe mar is cuí dá ról agus dá bhfreagrachtaí. Mar thoradh ar nádúr éagsúil an phróifíl cáilíochtaí reatha san fhórsa oibre COLO reatha in Éirinn, tá sraith casta dúshláin ann faoi láthair a éilíonn infheistíocht fuinnimh agus acmhainní ó raon leathan geallsealbhóirí. Sa cháipéis seo, leagadh amach na chéad chéimeanna i dtreo ghnóthachtáil an chuspóra sin. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt ar aird nach mór gach gné den phlean seo a fheidhmiú ar shlí chomhordaithe más rud é go mbeidh spriocanna foriomlána le comhlíonadh. Beidh gá le monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar ghníomhartha agus ar na nithe a bhainfear amach. Ní mór cosaint acmhainní agus infheistíochtaí a chinntiú ar feadh íos-tréimhse ama. Sa chás go gcomhlíonfar na coinníollacha sin, is é an toradh a bheidh air ná go mbeidh fórsa oibre cáilithe le scileanna ar fáil a bheidh ábalta seirbhísí COLO ar ardchaighdeán a sheachadadh agus cinnteoidh sin go mbeidh rochtain ag gach leanbh in Éirinn ar an tús is fearr ar a dturas foghlama ar feadh an tsaoil.

Acrainmeacha

COLO	Cúram agus Oideachas Luath-Óige
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
FETAC	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
HETAC	Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
IoT	Institiúid Teicneolaíochta
IVEA	An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
CNC	Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí
NQAI	Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
RPL	Aitheantas ar Réamhfhoghlaim
VEC	Coiste Gairmoideachais

Aguisín A – Comhaltas ar Ghrúpa Oibre Idir-Rannach[5]

Cathaoirleach (An Roinn Oideachais agus Scileanna)	Seán Ó Foghlú
FÁS – Aonad Scileanna agus Taighde Margaidh Saothair	Jasmina Behan Ivica Milicevic Joan Mc Naboe
FÁS	Martin Dodd
Ionad d'Oideachas agus d'Fhorbairt Luath-Óige	Maresa Duignan
Aonad Pholasaí an Luathoideachais[6], An Roinn Oideachais agus Scileanna	Catherine Hynes
An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	Deirdre O'Higgins Niall Egan Ciara Phelan
An Rannóg Breisoideachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna	Breda Naughton Marian Carr Yvonne Fawcett
Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	Moira O'Mara
An tÚdarás Ardoideachais	Muiris O'Connor Tim Conlon Oliver Mooney
Rúnaíocht (Aonad Pholasaí an Luathoideachais)	Noreen Moloney Maria Sheehan Tim O'Keeffe Kieran Ormond

[5] Áirítear sa liosta de dhaoine ionadaithe éagsúla ag cruinnithe éagsúla

[6] Sholáthar an tAonad Pholasaí an Luathoideachais an Rúnaíocht freisin

Aguisín B – Comhaltas den Fhochoiste Caighdeáin Earnálach

Cathaoirleach (An Roinn Oideachais agus Scileanna)	Seán Ó Foghlú
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	Stuart Garvie Anna Murphy
FÁS	Linda Conway
Cumann Ollscoileanna na hÉireann	Francis Douglas
Ionad d'Oideachas agus d'Fhorbairt Luath-Óige	Maresa Duignan
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	Noírín Hayes
Comhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí	Teresa Heeney
Aonad Pholasaí an Luathoideachais[7] An Roinn Oideachais agus Scileanna	Catherine Hynes
FETAC	Angela Lambkin
Institiúidí Teicneolaíochta	Vanessa Murphy
St. Nicholas Montessori	Aileen O'Brien
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath	Shaun Purcell
HETAC	Mary Sheridan
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Arlene Forster
Coláiste Breisoideachais an Naigín	Frances Gaynor
Rúnaíocht (Aonad Pholasaí an Luathoideachais)	Noreen Moloney Maria Sheehan Tim O'Keeffe Kieran Ormond

[7] Sholáthar an tAonad Pholasaí an Luathoideachais an Rúnaíocht freisin

Aguisín C – Proifílí Saothair agus Leibhéil Dámhachtana

D'athbhreithnigh an NQAI agus na Comhlachtaí Dámhachtana na próifílí saothair a cuireadh i láthair san *Chreatsamhail* chun a bhreithniú an raibh na próifílí sin fós iomchuí agus chun iad a mheaitseáil le leibhéil dámhachtana cuí san CNC.

Cinníodh iad a mheaitseáil mar seo a leanas:

Próifil Saothair ón gCreatsamhail	Leibhéal CNC	Tuairim
Cleachtóir Bunúsach	Leibhéal 4	D'fhéadfadh go mbeadh gá go mbeadh seo comhionann le mórdhámhachtain nó b'fhéidir gur bhfearr miondámhachtain nó dámhachtain sainchuspóra ag an leibhéal sin.
Cleachtóir Idirmheánach	Leibhéal 5	Bheadh seo comhionann go ginearálta le mórdhámhachtain (Teastas FETAC Leibhéal 5) agus d'fhéadfadh sé a bheith comhionann freisin le miondámhachtain nó dámhachtain sainchuspóra.
Cleachtóir Cleachta	Leibhéal 6	Bheadh seo comhionann go ginearálta le hArdTeastas FETAC ag Leibhéal 6.
Ard-Chleachtóir	Leibhéal 8/9	Bheadh seo comhionann le Bunchéim Bhaitsiléire ar a laghad.
Cleachtóir Saineolaíoch	Leibhéal 8/9	Bheadh seo comhionann le Céim Bhaitsiléire Onóracha[8] ar a laghad.

Tugadh ar aird go raibh meascán eolais, scileanna agus inniúlachtaí san áireamh i ngach próifíl saothair san *Chreatsamhail* as níos mó ná aon leibhéal amháin den CNC. Mar shampla, tá Leibhéal 7 agus 8 fo-sraitheanna sa phróifíl ardchleachtóra. Tógadh an cur chuige is fearr a bheadh oiriúnach chun na próifílí a chur in oiriúint don leibhéal CNC.

[8] Tá an Chéim Bhaitsiléire Onóracha ag Leibhéal 8 ar an gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. Is ionann é sin agus an íos-cháilíocht a bhaineann leis an bPróifíl Saothair seo. Tá baint ag an gCéim Mháistreachta (Leibhéal 9) agus an Chéim Dhochtúireachta (Leibhéal 10) freisin.